Cuntas Leithreasa 2014

# Vóta 30

# Talmhaíocht, Bia agus Mara

## Réamhrá

Tá dualgas orm i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 30 cuntas leithghabhála an Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

De réir an dualgais sin, tá an cuntas iniata ullmhaithe agam i leith an méid a caitheadh ar thuarastail agus ar chostais in Oifig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riaradh ag an Oifig sin, agus i leith Choimisiún Talún na hÉireann agus i leith deontais áirithe, fóirdheontais agus deontais-i-gcabhair éagsúla a íoc, agus maidir le deontais áirithe faoi scéimeanna teoranta ó thaobh airgead tirim a íoc, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014.

Déantar comparáid idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna

(a) a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2014, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasuithe-i-gcabhair, agus
(b) a cuireadh ar fáil do sheirbhísí soláthair chaipitil in 2014 as leithreasuithe 2013 nár caitheadh, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bhunaigh Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Tá farasbarr €13.66 milliún dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

## Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus prionsabail chuntasaíochta caighdeánacha maidir le Cuntais Leithghabhála a réiteach i bhfeidhm agus an Cuntas a ullmhú, ach amháin maidir leis na nithe seo a leanas:

***Sócmhainní caipitiúla***

Tá sceideal faoin talamh agus faoi na foirgnimh ar fad a riartar ag an Roinn iarcheangailte leis an gcuntas. De bharr nach bhfuil luachálacha don mhaoin sin go léir ar fáil, áfach, níl siad san áireamh sa ráiteas ar shócmhainní caipitiúla.

***Dímheas***

Déantar bogearraí an Chórais Chomhtháite Faisnéise Bainistíochta (CCFB) agus an Chórais Chomhtháite Faisnéise Iascaigh (CCFI) a dhímheas ag 20%.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgais agus córas tarmligthe agus cuntasachta, agus go háirithe go bhfuil

- Córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach.
- Athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán.
- Córas bainistithe riosca i bhfeidhm taobh istigh den Roinn.
- Córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras ICT a chinntiú.
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann, chomh maith le rialacha foirmiúla um bhainistiú tionscadail.
- Cinntíonn an Roinn go gcuirtear fócas iomchuí ar an dea-chleachtas agus ceannaigh á ndéanamh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad a chinntiú.Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i gcás sé chonradh déag ar luach €1.257 milliún a liostáileadh i mo thuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002. Tugadh faoi phróisis iomaíocha le haghaidh ceithre cinn déag de na conarthaí seo i 2015. I 2014, ba é luach iomlán na gconarthaí seo ná €1.05 milliún. Baineann na conarthaí eile le seirbhísí mar nach rabhthas in ann ach soláthróir oiriúnach amháin a úsáid.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

***Athbhreithniú ar bhainistiú agus ar rialú airgeadais***

Tá roinnt bealaí ag an Roinn le hathbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar a córas rialaithe agus bainistíochta airgeadais ar bhonn leanúnach. Áirítear orthu sin a Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a Coiste Iniúchta agus a Córas Bainistithe Riosca.

Déanann an Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a bhfuilim i mo chathaoirleach air, athbhreithniú ar thorthaí iniúchta AE agus déanann monatóireacht ar an dul chun cinn atáthar a dhéanamh maidir le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna rialaithe aitheanta agus maidir le ceanglais creidiúnaithe atá leagtha síos faoi rialachán a bhaineann le gníomhaireachtaí íocaíochta an AE a chomhlíonadh.

Bíonn an Roinn faoi réir raon iniúchtaí ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ag an Aonad Iniúchta Inmheánaigh, ag Cúirt Iniúchóirí an AE, ag Coimisiún an AE agus ag comhlacht deimhniúcháin neamhspleách - cuideachta cuntasaíochta ghairmiúil - a dheimhníonn na cuntais bhliantúla EAGF and EAFRD. Bhí an Roinn faoi réir thart ar 2,490 lá iniúchta ag na comhlachtaí sin in 2014. Chuir mé dearbhú bainistíochta ar fáil don chomhlacht deimhnithe maidir le cuntais bhliantúla AE mar a éilítear le Rialachán 1360/2013 ón gComhairle.

***Slándáil TEC***

Tá an Roinn tiomanta go láidir do shlándáil a córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, agus déantar athbhreithniú neamhspleácha orthu sin freisin. Tá nósanna imeachta aisghabhála/cúltaca doiciméadaithe i bhfeidhm do na sonraí ríthábhachta go léir, lena n-áirítear seirbhísí stórála as an láthair agus saoráidí aisghabhála i gcás tubaiste. Tá Aonad Slándála TF tiomanta ag an Roinn agus tá sí forghníomhach i bhforbairt agus cur chun cinn polasaithe slándála TF. Bíonn socruithe slándála ICT faoi réir ag athbhreithniú ó rannóg iniúchta TF an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh. Chomh maith leis sin bíonn an Roinn faoi réir ag iniúchadh creidiúnaithe bliantúil, lena n-áirítear athbhreithniú ar bhainistíocht riosca ríomhaireachta, ina cáil mar ghníomhaire íocaíochta thar ceann an Aontais Eorpaigh. Mar chuid den phróiseas creidiúnaithe, roghnaigh an Roinn an caighdeán idirnáisiúnta ISO 27001: Cód Cleachtais um Bainistiú Slándála Faisnéise a ghlacadh mar bhunús dá slándáil TF.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam ó thaobh cheanglais an chomhaontaithe bhainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna a sholáthar.

**Aidan O'Driscoll**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

31 Márta 2015

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

***Neamhchomhlíonadh na Rialacha Soláthair***

Tá sé nochtaithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta ina ráiteas faoi rialú airgeadais inmheánach gur tharla cásanna ábhar de neamhchomhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2014.

***Ag tuairisciú ar ghnóthaí a tháinig chun cinn ó iniúchadh***

Tagraíonn Caibidil 14 de mo thuarascáil maidir le cuntais na seirbhísí poiblí le haghaidh 2014 do ghnóthaí áirithe eile a bhaineann le Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara .

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

31 Lúnasa 2015

# Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara

# Cuntas Leithreasa 2014

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim soláthraithe sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Trádáil, forbairt agus polasaí agraibhia | | | | |
| | *Bunaidh* | 358,191 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,000) | 357,191 | 343,028 | 327,400 |
| B | Sábháilteacht bia, sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte plandaí | | 205,444 | 199,698 | 212,898 |
| C | Geilleagar agus timpeallacht tuaithe | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 396,658 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 16,800 | 413,458 | 415,839 | 412,335 |
| D | Caiteachas díreach | | 242,607 | 232,895 | 254,010 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 1,201,900 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 16,800 | | | |
| | | | **1,218,700** | **1,191,460** | **1,206,643** |
| *Bain de* | | | | | |
| E | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 244,797 | | | |
| | *Forlíontach* | (178,000) | | | |
| | | | **66,797** | **71,220** | **241,748** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 958,103 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 16,800 | | | |
| | *Fhorlíontach* | 177,000 | | | |
| | | | **1,151,903** | **1,120,240** | **964,895** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr don bhliain | 31,663,091 | 36,173,258 |
| Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas | (18,000,000) | (16,800,000) |
| Farasbarr le Géilleadh | 13,663,091 | 19,373,258 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 163,966 | 164,179 | 171,952 |
| ii | Taisteal agus cothú | 7,050 | 6,995 | 6,713 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 3,500 | 2,952 | 2,673 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 4,716 | 4,076 | 4,030 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 23,861 | 23,493 | 18,539 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 5,799 | 5,942 | 6,384 |
| vii | Seirbhísí comhairleachta agus athbhreithniú luach airgid agus beartais | 41 | 179 | 121 |
| viii | Bearta forlíontacha chun leasa airgeadais an AE a chosaint | 1,554 | 536 | 578 |
| ix | Seirbhísí saotharlainne | 5,800 | 4,777 | 5,647 |
| x | Uachtaránacht an AE | — | 16 | 809 |
| | | 216,287 | 213,145 | 217,446 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 978,315 | 989,197 |
| Pá | | 164,179 | 172,103 |
| Caiteachas eile | | 48,966 | 45,343 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,191,460** | **1,206,643** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **71,220** | **241,748** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,120,240** | **964,895** |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead ar Cheannacháin | (4,923) | | |
| Dímheas | 4,158 | | |
| Airgead ar dhiúscairtí | 51 | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairtí | (51) | (765) | 1,785 |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | (175,647) | | |
| Ardú ar stoic | (273) | | |
| | | (175,920) | 121,155 |
| **Caiteachas díreach** | | **943,555** | **1,087,835** |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 64,171 | 58,465 |
| Measchíosanna | | 6,676 | 6,693 |
| **Costas glan clár** | | **1,014,402** | **1,152,993** |

### 1.1 Caiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas i ndáil le Vóta 30 a tabhaíodh in áit eile.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 59,967 | 53,522 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,896 | 4,492 |
| An Príomh-Chiste – pinsin na nairí srl. | 308 | 451 |
| | **64,171** | **58,465** |

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **12,984** | **12,219** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 23,529 | 75,671 |
| Stoic | 2.4 | 3,830 | 3,557 |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,392 | 1,485 |
| Ioncam fabhraithe: | | | |
| Maoiniú EAFRD dlite ón AE | | 181,000 | — |
| Méideanna eile dlite ón AE | | 550 | 1,300 |
| Ró-íocaíochtaí scéime | 6.2 | 3,022 | 4,257 |
| Dlite ó sheirbhísí | | 7,030 | 7,180 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.5 | 9,911 | 1,569 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **231,264** | **95,019** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 7,839 | 3,714 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.6 | 9,579 | 59,489 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 23,861 | 17,751 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **41,279** | **80,954** |
| **Glandliteanais reatha** | | **189,985** | **14,065** |
| **Glandliteanais** | | **202,969** | **26,284** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **202,969** | **26,284** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 26,284 | 149,224 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 974,903 | | |
| Glan-fhorlíontach | Cuntas | 177,000 | | |
| Le géilleadh – Suim Iarchurtha | Cuntas | (18,000) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (13,663) | | |
| Vóta glan | | | 1,120,240 | 964,895 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 64,171 | 58,465 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | 6,676 | 6,693 |
| Costas glan clár | 1 | | (1,014,402) | (1,152,993) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **202,969** | **26,284** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh oifige/ fearais eile | Troscán agus feistin | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2014 | 223,783 | 14,070 | 237,853 |
| Breiseanna | 4,909 | 14 | 4,923 |
| Diúscairtí | (1,572) | — | (1,572) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2014 | 227,120 | 14,084 | 241,204 |
| **Dímheas Carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2014 | 212,781 | 12,853 | 225,634 |
| Dímheas don bhliain | 3,848 | 310 | 4,158 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (1,572) | — | (1,572) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2014 | 215,057 | 13,163 | 228,220 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2014** | **12,063** | **921** | **12,984** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2013** | **11,002** | **1,217** | **12,219** |

Ní áirítear talamh agus foirgnimh sa ráiteas thuas. Tá liosta talún agus foirgneamh atá á riar ag an Roinn iarcheangailte leis an gcuntas.

| **2.3 Banc agus Airgead Tirim** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta | 19,438 | 71,143 |
| Iarmhéideanna bainc Tráchtála | 4,172 | 5,974 |
| Orduithe gan íoc | (81) | (1,446) |
| | 23,529 | 75,671 |

| **2.4 Stoic** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Soláthairtí saotharlainne agus ceimiceáin | 539 | 559 |
| Soláthairtí stáiseanóireachta | 152 | 146 |
| Soláthairtí ríomhaireachta | 25 | 49 |
| Soláthairtí tréidliachta | 2,704 | 2,437 |
| Beostoc | 306 | 252 |
| Stoc talmhaíochta | 73 | 70 |
| Soláthairtí glantacháin | 14 | 11 |
| Stoic ola | 17 | 33 |
| | 3,830 | 3,557 |

| **2.5 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Óinchistí agus costais taistil in-aisíoctha | 175 | 195 |
| Aiscí agus cnapshuimeanna pinsin in-aisíoctha de chuid na Roinne | 2 | 31 |
| Airleacain chuig OOP | 998 | 1,168 |
| Dlite ó údaráis áitiúla maidir le forbairt chuain | 66 | 66 |
| Méid infhorchúitithe ón AE | 5,642 | — |
| Réamhíocaíochtaí tuarastail ón Státchiste | 2,873 | — |
| Eile | 155 | 109 |
| | 9,911 | 1,569 |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Suimeanna dlite don Stát | | |
| Cáin Shiarchoinneálach | 747 | 604 |
| Cáin Bhreisluacha | 527 | 766 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 3 | 10 |
| Aoisliúntas | 5 | 376 |
| CBL ar Dhíolacháin | 88 | — |
| Cáin Ioncaim | 11 | 4 |
| Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste | 54 | — |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | — | 1 |
| | 1,435 | 1,761 |
| Urrúis | 208 | 399 |
| Díolacháin/ tobhaigh chuóta bainne | 550 | 565 |
| Táillí ceadúnaithe lotnaidicídí | 1,122 | 1,956 |
| Airleacain AE | — | 48,149 |
| Ilghnéitheach | 6,264 | 6,659 |
| | 9,579 | 59,489 |

**2.7 Glandliteanas don Státchiste**

| amhail an 31 Nollaig | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 13,663 | 19,373 |
| Géilleadh iarchurtha | 18,000 | 16,800 |
| Deontas ón státchiste nár tarraingíodh | (7,802) | (18,422) |
| Glandliteanas don Státchiste | 23,861 | 17,751 |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 23,529 | 75,671 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 9,911 | 1,569 |
| | 33,440 | 77,240 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,435) | (1,761) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (8,144) | (57,728) |
| | (9,579) | (59,489) |
| | 23,861 | 17,751 |

**2.8 Ceangaltais**

| amhail an 31 Nollaig | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | **Dlite go 2015** | **Blianta dar gcionn** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **(a) Soláthar** | 12,419 | 12,766 | 25,185 | 30,840 |
| **(b) Deontais** | | | | |
| Deontais infheistíochta caipitil | 13,320 | 2,100 | 15,420 | 23,700 |
| Taighde bia | 14,628 | 49,690 | 64,318 | 59,422 |
| Foraoiseacht | 113,590 | 616,278 | 729,868 | 767,443 |
| Bithfhuinneamh | 192 | — | 192 | 215 |
| Deontais chuig an earnáil orgánach | 8,839 | 7,500 | 16,339 | 28,261 |
| Scéim fheabhsaithe fheirmeacha | 22,728 | 8,391 | 31,119 | 36,158 |
| Scéim luathscoir | 8,143 | 11,336 | 19,479 | 29,400 |
| An scéim um chosaint na timpeallachta tuaithe | 32,227 | 6 | 32,233 | 167,097 |
| An scéim um chaomhnú an chomhshaoil faoin tuath | 73,000 | 112,500 | 185,500 | 246,500 |
| Scéim ghairneoireachta | 335 | — | 335 | 343 |
| Iompar Fodair Iompórtáilte | — | — | — | 574 |
| Sláinte Ainmhithe Éireann | 500 | 1,000 | 1,500 | 530 |
| Luacháil Mhargaidh Ar Fheirm | 115 | — | 115 | 47 |
| Iomlán na ngealltanas infhorfheidhmithe le dlí | 300,036 | 821,567 | 1,121,603 | 1,390,530 |

**Athruithe suntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos nuair a mhéadaigh/(laghdaigh) ceangaltais ilbhliantúla faoi níos mó ná €500,000 ó 2013 go 2014.

| **Deontais** | **Méid méadú/(laghdú) €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Deontais infheistíochta caipitil | (8,280) | Níl aon dámhachtainí nua á ndéanamh faoi na scéimeanna seo. Titeann leibhéal na gceangaltas gach bliain de réir mar a chuirtear tionscadail i gcrích nó de réir nach dtéitear ar aghaidh leo. |
| Taighde bia | 4,896 | Seoladh gairm nua thaighde go luath i 2014, a raibh de thoradh air maoiniú dámhachtainí nua ar luach iomlán de thart ar €20.7 milliún i ráithe deiridh 2014 agus ghin sin ceangaltais mhéadaithe leanúnacha. Maoinítear mórchuid na dtionscadal taighde seo thar thréimhse 3 go 5 bliana, le híocaíocht tosaigh nuair a dhéantar an dámhachtain. |
| Foraoiseacht | (37,575) | I 2014, bhí 6,156 ha d'fhoraoiseacht nua deontaschúnta. Íocfar préimheanna bliantúla ar na conarthaí seo suas go 2034; tá ceangaltas nua ar luach thart ar €70 milliún i gceist, mar sin de. |
| Deontais chuig an earnáil orgánach | (11,922) | Tharla gluaiseacht ar an gceangaltas seo mar gheall ar athphróifiliú an cheangaltais ar iarrthóirí iarbhíre seachas ar an mbuiséad. Tá an scéim dúnta agus beidh na ceangaltais seo íoctha faoi 2018. Tá scéim nua 5 bliana le seoladh i 2015. |

| Deontais | Méid méadú/(laghdú) €000 | Míniú |
| --- | --- | --- |
| Scéim fheabhsaithe fheirmeacha | (5,039) | Tá an scéim dúnta agus tá ceangaltais á dtabhairt chun críche de réir mar a próifílíodh. |
| Scéim luathscoir | (9,921) | Tá an caiteachas do SLS ag dul i laghad gach bliain ós rud é go bhfuil an scéim dúnta d'iarrthóirí nua ó bhí 2008 ann. Ní raibh aon mhéadú íocaíochtaí le sonrú do rannpháirtithe SLS agus tá daoine ag fágáil na scéime gach mí; is gnách go bhfágann siad agus a dtréimhse rannpháirtíochta 10 mbliana ag críochnú. |
| An scéim um chosaint na timpeallachta tuaithe | (134,864) | Léiríonn an ghluaiseacht cheangaltais i mbuiséad SCTT go bhfuil an scéim ag críochnú ar 31 Nollaig 2015, nuair a bheidh na thart ar 850 rannpháirtí atá fós ann ag fágáil na scéime. |
| An scéim um chaomhnú an chomhshaoil faoin tuath | (61,000) | Léiríonn an ghluaiseacht san fhigiúr ceangaltais an caiteachas i 2014. Baineann an ceangaltas iomlán a fógraíodh le fad na scéimeanna SRCT, scéimeanna atá dúnta d'iontrálaithe nua. |
| Iompar Fodair Iompórtáilte | (574) | Scéim aon uaire a bhí ann agus tá deireadh léi anois. |
| Sláinte Ainmhithe Éireann | 970 | Léiríonn an ghluaiseacht sa cheangaltas babhta nua maoinithe do na blianta 2015 go 2018. |

## 3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Trádáil, Forbairt agus Polasaí Agraibhia** | | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | | 16,133 | 16,154 | 16,724 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | | 4,486 | 4,119 | 4,406 |
| A.3 | Taighde agus oiliúint | | 28,318 | 25,908 | 29,568 |
| A.4 | Forbairt talmhaíochta agus bia | | 15,120 | 9,718 | 11,807 |
| A.5 | Teagasc - deontas-i-gcabhair do speansais ghinearálta | | 108,710 | 108,710 | 110,838 |
| A.6 | An Bord Bia - deontas-i-gcabhair do speansais ghinearálta | | 28,690 | 27,282 | 27,734 |
| A.7 | Foras na Mara (deontas-i-gcabhair) | | 23,480 | 23,479 | 21,945 |
| A.8 | Bord Iascaigh Mhara (deontas-i-gcabhair) | | 18,484 | 18,234 | 15,929 |
| A.9 | Deonacháin chabhair bia - An Clár Domhanda Bia | | 9,960 | 9,960 | 10,960 |
| A.10 | Seirbhísí eile | | 27,590 | 23,493 | 22,469 |
| A.11 | An Ciste Rásaíochta Capall agus Cúnna | | 54,220 | 54,220 | 55,020 |
| A.12 | Scéim um Ghéanómaíocht Mhairteola | | | | |
| | *Bunaidh* | 23,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,000) | 22,000 | 21,751 | — |
| | | | 357,191 | 343,028 | 327,400 |

**Athruithe suntasacha**

San iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gClár A €14.16 millún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Taighde & oiliúint | 2,410 | Bíonn sé deacair caiteachas a réamh-mheas go cruinn mar is iondúil go maireann tionscadail taighde 3 go 5 bliana agus braitheann íocaíocht ar dhul chun cinn. Cuireadh moill ar dhul chun cinn maidir le líon mór tionscadal mar gheall ar athruithe/earcú foirne taighde i gceann de na príomhchomhlachais taighde, rud a chuir leis an ngannchaiteachas. |
| Forbairt talmhaíochta agus bia | 5,402 | Iarchuireadh €4,226,000 ós rud é go raibh ráta infheistíochta níos ísle ná mar a measadh le sonrú faoi na scéimeanna éileamhbhunaithe Deontais Mhargaíochta agus Phróiseála ós rud é nach ndearnadh dul chun cinn maidir le tionscadail áirithe chomh tapa agus a bhíothas ag dréim leis. |
| Seirbhísí eile | 4,097 | Iarchuireadh €2,500,000 cionn is go ndearnadh coigilteas faoin gceannteideal seo, ós rud é nach ndearnadh dóthain dul chun cinn le tionscadal feabhsúcháin Chaisleán Bhaile Sheáin le go dtarraingeofaí anuas maoiniú. Rinneadh coigilteas freisin ós rud é gur socraíodh níos lú cásanna dlí ná mar a bhíothas ag dréim leis le linn na bliana. |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Sábháilteacht Bia, Sláinte agus Leas Ainmhithe agus Sláinte Plandaí** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 92,078 | 92,197 | 96,837 |
| B.2 | Riarachán - caiteachas eile | 29,600 | 28,082 | 25,758 |
| B.3 | Sábháilteacht bia (agus sláinte poiblí), sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte plandaí | 83,766 | 79,419 | 90,303 |
| | | 205,444 | 199,698 | 212,898 |

**Athruithe suntasacha**

San iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gClár B €5.75 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Sábháilteacht Bhia (agus sláinte poiblí), sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte plandaí | 4,347 | Mar gheall ar dhálaí fabhracha aimsire bhí laghdú le sonrú i rátaí mortlaíochta ainmhithe i 2014. D'eascair coigilteas freisin nuair a bhí níos lú tástála riachtanach faoi bhuiséad teagmhasachta ESB agus scráibí. Chuir líon níos ísle iarratas incháilithe faoin scéim um leas ba diúil leis an gcoigilteas freisin. |

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim soláthraithe sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **C** | **Eacnamaíocht agus Timpeallacht na Tuaithe** | | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | | 33,722 | 33,765 | 34,248 |
| C.2 | Riarachán - caiteachas eile | | 9,786 | 9,003 | 6,794 |
| C.3 | Timpeallacht tuaithe | | 184,000 | 200,324 | 206,231 |
| C.4 | Soghluaiseacht talún (scéimeanna luathscoir/cabhair suiteála) | | 10,010 | 10,523 | 14,719 |
| C.5 | Forbairt talmhaíochta agus bia | | 24,605 | 21,963 | 16,469 |
| C.6 | Foraoiseacht agus bithfhuinneamh | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 97,970 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 16,800 | 114,770 | 112,018 | 111,153 |
| C.7 | Iascaigh | | 18,350 | 15,881 | 11,220 |
| C.8 | An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara | | 10,635 | 10,123 | 9,997 |
| C.9 | Seirbhísí eile | | 1,880 | 434 | 1,504 |
| C.10 | Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach | | 5,700 | 1,805 | — |
| | | | 413,458 | 415,839 | 412,335 |

**Athruithe suntasacha**

San iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gClár C €2.38 milliún mór ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Timpeallacht Tuaithe | (16,324) | Sháraigh líon na n-iarratas a ceadaíodh d'íocaíocht faoin scéim REPS 4 faoi dheireadh na bliana (23,800) an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán (20,850). |
| Soghluaiseacht talún (scéimeanna luathscoir/cabhair suiteála) | (513) | Tharla an farasbarr mar gheall gur cháiligh níos lú rannpháirtithe faoi na Scéimeanna luathscoir ná mar a bhíothas ag súil leis don phinsean seanaoise náisiúnta ag 65 nó 66 bliain, an pointe ag a laghdaítear pinsean na scéime luathscoir de mhéid an phinsin stáit a íocadh. |
| Forbairt talmhaíochta agus bia | 2,642 | Iarchuireadh €2,000,000 cionn is go raibh an caiteachas faoi na scéimeanna nuachóirithe dírithe talmhaíochta agus cabhair d'fhorbairt na hearnála orgánaí níos lú ná mar a measadh ós rud é go bhfuil dhá bhliain ag na feirmeoirí le hoibreacha faofa a chur i gcrích agus ós rud é go bhfuil sé deacair an bhliain a chinneadh ina dtarlóidh an íocaíocht.<br><br>Fritháiríodh na coigiltis i bpáirt ag na híocaíochtaí a bhí níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis faoin Scéim Leasa Cránacha inar cuireadh síneadh le spriocdháta chríochnú na n-oibreacha go dtí 28 Feabhra 2014. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Iascaigh | 2,469 | Iarchuireadh €2,350,000 cionn is gur eascair an coigilteas ós rud é nár chuir roinnt iarratasóirí i gcrích na tionscadail chaipitil phróiseála éisc a faomhadh agus ós rud é gur chuir iarratasóirí eile na tionscadail i gcrích ag costas níos ísle. Bhí leibhéal íseal glactha le sonrú i dtaca le tionscadail incháilithe infheistíochta forbartha dobharshaothraithe freisin mar gheall ar shrianta ar iarratasóirí incháilithe, ós rud é go bhfuil na láithreáin ag feitheamh le hathnuachan cheadúnais agus bhí rochtain ar chreidmheas ó institiúidí airgeadais le haghaidh oibreoirí dobharshaothraithe ina fhachtóir chomh maith. |
| Seirbhísí eile | 1,446 | Rinneadh níos lú caiteachais faoi chúnamh teicniúil ná mar a bhí measta mar gheall nár eascair na costais idirthréimhseacha a rabhthas ag súil leo a bhain leis an gClár Forbartha Tuaithe 2014-2020. |
| Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach | 3,895 | Iarchuireadh €3,895,000 cionn is go raibh an caiteachas faoi thionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach níos lú ná mar a measadh, ós rud é go ndeachaigh ceisteanna cead pleanála agus dramhuisce i bhfeidhm ar eilimintí den fheabhsúchán, chomh maith le tástáil bhreise roimh thosú. |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **D** | **Íocaíochtaí Díreacha** | | | |
| D.1 | Riarachán - pá | 22,033 | 22,063 | 24,294 |
| D.2 | Riarachán - Caiteachas eile | 8,449 | 7,762 | 8,385 |
| D.3 | Tacaíochtaí ioncaim agus margaidh | 17,025 | 8,758 | 19,326 |
| D.4 | Tacaíochtaí ioncaim i gceantair faoi mhíbhuntáiste | 195,000 | 194,239 | 201,830 |
| D.5 | Seirbhísí eile | 100 | 73 | 175 |
| | | 242,607 | 232,895 | 254,010 |

**Athruithe suntasacha**

San iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gClár D €9.71 milliún níos lú ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Tacaíochtaí ioncaim agus margaidh | 8,267 | Rinneadh an coigilteas faoin teideal seo mar gheall nár tharla dícheaduithe dóchúla AE i rith na bliana agus mar gheall go raibh níos lú iasachtaí gearrthéarmacha a bhain le FEOGA, agus mar sin tharla costais úis níos ísle. |

# 4 Fáltais

#### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | Fo-cheannteideal | | 2014 Measta | 2014 Réadaithe | 2013 Réadaithe |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Aisghabháil ar thuarastal, srl. ar oifigigh ar iasacht chuig comhlachtaí lasmuigh | | | 510 | 538 | 729 |
| 2. | Éarlais agus urrúis forghéillte faoi idirghabháil AE, aisíocaíocht onnmhairithe, srl. socruithe | | | 1 | 990 | 197 |
| 3. | Aisíocaíochtaí ó tháillí tréidliachta do sheirbhísí cigireachta ag monarchana éanlaithe agus monarchana feola eile | B.3 | | | | |
| | *Bunaidh* | | 14,506 | | | |
| | *Forlíontach* | | 1,000 | 15,506 | 16,845 | 14,983 |
| 4. | Fáltais ó tháillí cigireachta tréidliachta d'onnmhairithe beo | B.3 | | 1,292 | 1,005 | 1,440 |
| 5. | Fáltais ó tháillí do sheirbhísí cigireachta ar áitribh déiríochta | B.3 | | 5,000 | 5,688 | 5,484 |
| 6. | Fáltais ó dhíol vacsaíní, beostoc, táirgí feirmeoireachta, etc. ag Saotharlann Taighde Tréidliachta agus feirm i mBaile an Aba; aisghabháil ar chostais choraintín in Inis Píc | B.3 | | 805 | 840 | 894 |
| 7. | Fáltais ó tháillí tástála síolta, táillí deimhnithe, táillí ceadúnais, lotnaidicídí, táillí clárúcháin etc, agus táillí ó fheirm Bhacastúin | A.3 | | 1,847 | 3,748 | 2,186 |
| 8. | Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeora i dtreo an chostais a bhaineann leis an ngalar buaibheach a dhíothú | B.3 | | | | |
| | *Bunaidh* | | 5,000 | | | |
| | *Forlíontach* | | 1,000 | 6,000 | 6,671 | 5,413 |
| 9. | Fáltais ó Choimisiún na talún | | | 355 | 497 | 723 |
| 10. | Fáltais eile | | | 1,169 | 1,628 | 1,490 |
| 11. | Costais idirghabhála mhargaidh agus costais airgeadais do bhearta rannóige (Ráthaíocht) FEOGA eile | D.3 | | 1 | — | 1,443 |
| 12. | Caillteanas Stoic Idirghabhála, etc. | D.3, D.5 | | 1 | 1,366 | — |
| 13. | EAFRD (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe) | C.3,C.4 C.5,D.4 | | | | |
| | *Bunaidh* | | 180,000 | | | |
| | *Forlíontach* | | (180,000) | — | — | 171,595 |
| 14. | Ciste Tréidliachta | B.3 | | 12,000 | 11,622 | 14,067 |
| 15. | Fáltais ráthaíochta eile ón AE (Talmhaíocht) | D.3, D.5 | | 964 | 1,029 | 913 |
| 16. | Fáltais ráthaíochta eile ón AE (Iascaigh EAGGF) | D.3 | | 12 | 12 | 10 |
| 17. | Fáltais ó fhíneálacha agus fhorghéillte i leith iascaigh farraige | C.7 | | 100 | 216 | 210 |
| 18. | Fáltais faoin Acht Imeall Trá 1933 agus an tAcht Maoine Stáit 1954 | C.7 | | 100 | 85 | 86 |
| 19. | Aisghabháil AE i ndáil le caiteachas ar iascaigh a chaomhnú agus a bhainistiú | C.7 | | 1 | 2,070 | 225 |
| 20. | Táillí ceadúnais dobharshaothraithe | C.7 | | 412 | 379 | 452 |
| 21. | Fáltais FIFG AE (dobharshaothrú agus forbairt) | C.7 | | 1 | — | 1,991 |
| 22. | EFF (Iascaigh) 2007-2013 | C.7 | | 4,000 | — | — |
| 23. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | | | 16,720 | 15,991 | 17,217 |
| | **Iomlán** | | | **66,797** | **71,220** | **241,748** |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos i gcás gach teideal ina raibh an toradh éagsúil ón tsuim mheasta tar éis aon choigeartú meastacháin fhorlíontaigh de níos mó ná €100,000 agus níos mó ná 5%.

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Éarlais agus urrúis forghéillte faoi idirghabháil AE, aisíocaíocht onnmhairithe, srl, socruithe | (989) | Fuarthas níos mó ioncaim ná mar a bhíothas ag súil leis de bharr nádúr neamhintuartha forghéilltí ar urrúis ceadúnais. |
| Fáltais ó tháillí tréidliachta do sheirbhísí cigireachta ag monarchana éanlaithe agus monarchana feola eile | (1,339) | Tharla an líon níos airde fáltas ná mar a bhí tuartha de bharr an líon níos airde eallach a maraíodh i ngach earnáil agus de bharr íocaíocht níos tráthúla na dtáillí gan íoc. |
| Fáltais ó tháillí cigireachta tréidliachta d'onnmhairithe beo | 287 | Léirigh an leibhéal íslithe táillí a fuarthas an laghdú in ainmhithe beo a onnmhairíodh i rith na bliana. |
| Fáltais ó tháillí do sheirbhísí cigireachta ar áitribh déiríochta | (688) | Próiseáladh líon níos airde bainne ná mar a bhíothas ag súil leis de bharr choinníollacha aimsire níos fearr agus de bharr méadú sa tréad ba bainne, agus de bharr sin bailíodh níos mó táillí ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Fáltais ó tháillí tástála síolta, táillí deimhnithe, táillí ceadúnais, lotnaidicídí, táillí clárúcháin etc, agus ó Fheirm Bhacastúin | (1,901) | Tharla an leibhéal fáltas a bhí níos airde mar a ndearnadh tuar dó mar gheall ar ghníomhaíocht níos mó i réimse an deimhniúcháin lotnaidicíde agus mar gheall ar aistriú táillí a bhí á gcoimeád i gcuntas fionraí. |
| Fáltais ó rannaíochtaí feirmeora i dtreo an chostais a bhaineann leis an ngalar buaibheach a dhíothú | (671) | Tharla an t-ardú fáltas ó mheastachán de bharr líon na n-ainmhithe a maraíodh ag monarchana i rith na bliana den chuid is mó. |
| Fáltais ó Choimisiún na Talún | (142) | Tharla an líon níos airde fáltas ná mar a bhíothas ag súil leis de bharr iarrachtaí níos treise teacht ar na suimeanna a bhí dlite ar Choimisiún na Talún agus le híocaíocht níos luaithe fuascailtí blianachta ná mar a bhíothas ag súil leis. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais eile | (459) | Tá an farasbarr comhdhéanta d'aisíocaíocht ar mhuirear seirbhíse ar thobhaigh siúcra a ró-asbhaineadh ó shaothróirí in 2001-2006; bhí asbhaintí aoisliúntais foirne ó roinnt de na gníomhaireachtaí stáit níos airde ná mar a bhí measta; agus leibhéal níos airde táillí le haghaidh pasanna peataí i ndiaidh athbhreithniú ar nósanna imeachta. |
| Caillteanas stoic idirghabhála, etc. | (1,365) | Tá na fáltais a fuarthas ar dúnadh an chuntais FEOGA bhliantúil deacair a thuar toisc go bhfuil an figiúr deiridh ag brath ar mhéideanna na bpionós arna ngearradh agus arna mbailiú. |
| EAFRD (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe) | (180,000) | Bhain an tuar faoi fháltais €180 milliún i 2014 leis an gcaiteachas sin a tabhaíodh faoin EAFRD 2014-2020 sa tréimhse ó 1 Eanáir 2014 go 15 Deireadh Fómhair 2014. Is féidir caiteachas a dhéanamh, ach ní féidir éilimh a dhéanamh ar aisíocaíocht tar éis glacadh go foirmeálta le Clár EAFRD ag an AE. Táthar ag dréim leis go ndéanfar an Clár nua a fhaomhadh go foirmeálta ag an AE i Mí na Bealtaine 2015, agus go ndéanfar éileamh ar aisíocaíocht chaiteachas 2014 i Mí Iúil 2015 anois. Bhí an forlíontach ag teastáil leis an difear a chlúdach idir dáta tabhaithe an chaiteachais agus dáta na haisíocaíochta. |
| Fáltais ó fhíneálacha agus ó fhorghéillte i leith iascaigh farraige | (116) | Baineann éagsúlacht le fáltais ó fhíneálacha, ag brath ar an leibhéal braite, líon na gcásanna cúirte a thugtar chun críche agus líon na bhfíneálacha agus na bhforghéilltí a fhorchuirtear. |
| Aisghabháil AE i ndáil le caiteachas ar iascaigh agus iad a chaomhnú agus a bhainistiú | (2,069) | Ní dhearnadh soláthar d'aisíocaíocht faoin gceannteideal seo sa chéad meastachán de bharr go mbraitheann fáltais ar mhaoiniú a bheith ar fáil agus ar oiriúnacht tionscadal. |
| EFF (Iascaigh) 2007-2013 | 4,000 | Ní bhfuarthas cistí a bhaineann le héileamh ar fhorchúiteamh faoi dheireadh na bliana. |

**4.2 Fáltais Bhreise le hÍoc leis an Státchiste**

| | **2014** |
|---|---|
| | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — |
| Géilleadh iarmhéideanna cuntais ar fionraí | 198 |
| Costais dlí | 16 |
| Ranníocaíochtaí pinsin Bhord Bia | 3 |
| Géilleadh na cabhrach don tionscal próiseála bia | 37 |
| Dáileadh deiridh ó chuideachta leachtaithe | 163 |
| Ús a fuarthas ar thobhaigh táirgthe siúcra a ró-íocadh | 716 |
| Airgead coinsiasa | 4 |
| Aistrithe chuig an Stát Chiste | (1,083) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | 54 |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

Baineann an fhaisnéis a leanas faoi líon fostaithe agus pá leis an Roinn agus a gcuid comhlachas gaolmhar Stáit.

| | 2014 | 2013 |
|---|---:|---:|
| **Líon Foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | 4,421 | 4,700 |

| | 2014 | 2013 |
|---|---:|---:|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 204,076 | 213,743 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 2,561 | 2,446 |
| Liúntais eile | 1,252 | 1,067 |
| Ragobair | 3,451 | 3,600 |
| ÁSPC an Fhostóra | 10,644 | 10,807 |
| **Pá iomlán** | **221,984** | **231,663** |

Baineann na mionsonraí faoi liúntais, ragobair agus luach saothair eile i nóta 5.1, 5.2 agus i nóta 5.3 thíos le baill foirne na Roinne a íoctar go díreach ón Vóta faoi chláir A go D, agus sin amháin. Tá eolas mionsonraithe maidir le socruithe na gComhlachtaí Stáit a bhaineann leis an Roinn ó thaobh luach saothair ar fáil sna tuarascálacha bliantúla ábhartha nó go díreach ó na comhlachtaí Stáit lena mbaineann.

### 5.1 Liúntais agus íocaíochta ragoibre

| | Líon na bhFaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---:|---:|---:|---:|
| | | | 2014 | 2013 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 482 | 7 | 25,827 | 18,706 |
| Liúntais eile | 403 | 20 | 20,686 | 20,599 |
| Ragobair | 708 | 82 | 31,970 | 35,519 |

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair bhreise i mbreis agus catagóir amháin.

### 5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair

Íocadh líon iomlán de €812,534 le 53 státseirbhíseach a bhí ar scor atá ag fáil pinsean na státseirbhíse, agus a hathfhostaíodh ar bhonn táille. homhlíon na táillí a íocadh prionsabail Acht (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 Pinsin na Seirbhíse Poiblí.

Áirítear ar an méid sin €25,974 i ndáil leis an gcuid neamh-inaisghabhála de luach saothair oifigeach a bhíonn ar iasacht chun comhlacht ionadaíochta foirne.

### 5.3 Ró-íocaíochtaí ag Eascairt as Moilleanna maidir le Treoracha Tuarastail

| | 2014 | 2013 |
|---|---:|---:|
| | € | € |
| Ró-íocaíochtaí ag eascairt as moilleanna maidir le treoracha tuarastail | 258,566 | 71,750 |

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ón AE

Chuir rialachán Uimh. 1290/2005 ón gComhairle (CE) an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF) agus an Ciste Talmhaíochta Eorpach um Fhorbairt Tuaithe (EAFRD) i láthair le héifeacht ó bhliain bhuiséid AE 2007 (16 Deireadh Fómhair 2006 – 15 Deireadh Fómhair 2007). Déanann an EAGF maoiniú ar íocaíochtaí díreacha agus tacaíochtaí margaidh agus cómhaoiníonn an EAFRD bearta forbartha tuaithe faoi chláir forbartha tuaithe cheadaithe. Tagann an EAGF agus an EAFRD in áit Cistí Treoraíochta agus Ráthaíocht Talmhaíochta an EAGGF faoi seach.

Áirítear ar ghníomhaíochtaí na Roinne bearta atá maoinithe go hiomlán ag an EAGF agus gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an EAFRD agus ón Vóta.

Cuimsíonn Cláir C agus D caiteachas maidir le gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ag an AE trí mheán EAFRD. Cuimsíonn Clár C freisin caiteachas maidir le gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ó Chiste Tréidliachta an AE. Cuimsíonn Clár C caiteachas maidir le gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ag an AE trí mheán na hIonstraime Airgeadais um Threoraíocht Iascaigh, 2000-2006 (FIFG) agus ag an gCiste Eorpach Iascaigh, 2007-2013 (EFF). Cuimsíonn Clár D muirear don Vóta de €97,164 do mhaoiniú AE a dícheadaíodh.

Áirítear ar an gCuntas ús de €488,082 a íoctar ar iasachtaí gearrthréimhseacha €715 milliún a fuarthas ar iasacht in 2013 chun caiteachas Ráthaíochta EAGF a mhaoiniú ag feitheamh ar aisíocaíocht ón AE. Aisíocadh na hiasachtaí in 2014 mar aon le hús.

Fuarthas €677 milliún ar iasacht i gcistí gearrthréimhseacha in 2014 chun caiteachas EAGF Ráthaíochta a mhaoiniú ag feitheamh ar aisíocaíocht AE in 2015. Ní léirítear na hiasachtaí seo i Nóta 2.

**Caiteachas atá maoinithe ag an AE arna bhainistiú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara**

| **Ráthaíocht EAGF (bearta lánmhaoinithe ag an AE)** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€m** | **€m** |
| Scéim Íocaíochta Aonair (lena n-áirítear Aisíocaíocht Mhodhnaithe) | 1,178 | 1,202 |
| Caoirigh fhéaraigh, éifeachtúlacht déiríochta, beatha Bhoirne (Rialachán AE 73/2009 Airteagal 68 bearta) | 24 | 19 |
| Aisíocaíochtaí onnmhairithe | — | — |
| Idirghabháil | — | 3 |
| Forthobhach Bainne | (10) | — |
| Eile | 2 | (15) |

| **Fáltais cómhaoinithe (bearta cómhaoinithe ag an AE)**[a] | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€m** | **€m** |
| **Talmhaíocht** | | |
| Clár forbartha tuaithe EAFRD 2007-2013 [b] | — | 173 |
| Ciste Tréidliachta | 12 | 14 |
| Fáltais cómhaoinithe eile | 2 | 2 |
| | | |
| **Iascaigh** | | |
| FIFG - forbairt dobharshaothraithe/forbairt iascaigh | 2 | 2 |
| EFF – an Ciste Eorpach Iascaigh 2007 - 2013 | — | — |
| | 1,210 | 1,400 |

[a] Níl ach cómhaoiniú AE ar na cláir sin le feiceáil sa tábla seo.

**EAFRD**

[b] Faoi Chlár EAFRD 2007-2013, coimeádtar 5% de na fáltais go dtí go ndúntar an Clár de réir Rialachán AE 1290/2005 Alt 24.4, rud a raibh de thoradh air fáltais nialasacha i 2014. Níor faomhadh EAFRD 2014-2020 go foirmeálta go fóill ag 31 Nollaig 2014, ach a luaithe is a ghlactar le GFT 2014-2020 CAI agus EAFRD, táthar ag coinne leis go n-aisíocfar €181 milliún de chistí EAFRD maidir le caiteachas a tabhaíodh i 2014.

**6.2 Ró-íocaíochtaí**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Ró-íocaíochtaí scéime ag 1 Eanáir | 4,257 | 3,307 |
| Coigeartú maidir leis an Scéim Luathscoir | 9 | 429 |
| Ró-íocaíochtaí a ardaíodh i rith na bliana | 6,479 | 8,090 |
| Ceartúcháin | (1,221) | (1,345) |
| Aisghabhálacha | (6,424) | (6,008) |
| Díscríobh (nóta 6.3) | (78) | (216) |
| Ró-íocaíochtaí scéime amhail an 31 Nollaig | 3,022 | 4,257 |

**6.3 Díscríobh**

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas faoi chead leithroinnt na Roinne Airgeadais:

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Scéim:** | | |
| Luathscor ó fheirmeoireacht | 14,260 | 26,694 |
| Scéimeanna foraoisithe | 43,910 | — |
| Préimheanna AE ilghnéitheacha miscellaneous agus Scéimeanna Limistéar-Bhunaithe | — | 109,557 |
| An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath | — | 79,746 |
| Préimheanna Vóta ilghnéitheacha (Scéim Náisiúnta Leasúcháin Sealadach) | 19,732 | — |
| | 77,902 | 215,997 |
| **Eile:** | | |
| Táillí cigireachta Tréidliachta gan íoc ag cuideachtaí a thuilleadh i mbun gnó | 11,356 | 680 |
| D'íoc an Chuideachta trí earráid | — | 12,007 |
| Ús deireanach díscríofa | 2,232 | — |
| Fáthanna eile | 2,465 | — |
| | 16,053 | 12,687 |

**6.4 Costais Dlí agus Cúiteamh**

Mar seo a leanas a rangaítear na costais dlí a íocadh le linn na bliana:

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Táillí dlí | 300,346 | 386,778 |
| Costais forchúitimh | 1,239,843 | 715,275 |
| | 1,540,189 | 1,102,053 |

**6.5 Dliteanas Teagmhasach**

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlíthiúla ar féidir go ndéanfaidh siad dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá an méid iarbhír nó ionú an ábhair dhliteanais neamhchinnte.

De thairbhe cinneadh Rialtais, ghlac an Roinn ceannas as an obair fheabhsúchán ar láithreán Inis Sionnach ó 2012 i leith Ní fios fós an costas a bhainfidh le feabhsúchán talaimh ag an láithreán seo, a fhad is atáthar ag feitheamh le cead pleanála do scéim shonrach fheabhsúcháin.

Tá an Roinn ar an eolas maidir le hábhar dícheadaithe i dtaca le ró-éilimh ar scéimeanna ceantarbhunaithe. Agus an Roinn rannpháirteach i bpróiseas foirmeálta achomharc, tá méid na n-ábhar dliteanas neamhchinnte ach oiread leis na dátaí a bhaineann leo.

**6.6 Deontais un Chabhair Bia**

Is é atá sa chlár Domhanda Bia an eagraíocht cúnaimh bhia de chuid na Náisiún Aontaithe agus oibríonn sé ar bhonn ranníocaíochtaí deonacha a ghealltar go neamhrialta. Cuireann an clár cúnamh bia ar fáil do thíortha a bhfuil acu leis, cuidíonn le tionscadail eacnamaíochta agus sóisialta a chur i bhfeidhm agus tugann faoiseamh d'íospartaigh tubaistí nádúrtha agus tubaistí eile. Tá an clár i bhfeidhm in thart ar 80 tír. €8.436 milliún a bhí i rannchuidiú na hÉireann leis an gclár Domhanda Bia i 2014 (2013: €9.436 milliún).

Is é an Coinbhinsiún um Chúnamh Bia an príomhchomhaontú idirnáisiúnta ar sholáthar cúnaimh bhia agus fónann sé mar chód iompair sárchleachtais agus mar ghealltanas bliantúil maidir le cúnamh bia. An clár Domhanda Bia a choimeádann cúnamh arna dheonadh faoin gCoinbhinsiún agus baintear úsáid as chun cúnamh a sholáthar i gcúinsí éigeandála. €1.524 milliún a bhí i rannchuidiú na hÉireann leis an gCoinbhinsiún um Chúnamh Bia i 2014 (2013: €1.524 milliún).

**6.7 Íocaíochtaí Ex-Gratia**

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia de €1,892,200 le 147 eagraíocht leasa ainmhithe (2013: €1,809,100).
Rinneadh íocaíocht ex-gratia €4,000 le Cathaoirleach na Comhairle Comhairlí um Leas Ainmhithe Feirme.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia do roinnt eagraíochtaí i dtreo an chostais a bhain le reáchtáil seónna éagsúla talmhaíochta, mar seo a leanas:

| | **2014** |
|---|---|
| | **€** |
| Cumann Seónna na hÉireann Teo. | 75,000 |
| Caoirigh Ghuaire Teo | 50,000 |
| Macra na Feirme | 25,000 |
| Bantracht na Tuaithe | 9,000 |
| Margaí Tuaithe Teo. | 6,000 |

San iomlán rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar luach €12,836 do dheontaithe bainistíochta dramhaíl feirme.

**6.8 Mírialtacht Amhrasta**

Tá an chigireacht maidir le caiteachas míchuí amhrasta i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le híocaíochtaí ar leith a rinneadh faoin scéim agra-chomhshaoil chómhaoinithe An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe. Meastar go bhfuil gné náisiúnta an chaiteachais i gceist thart ar €77,500.

**6.9 Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas**

Cuimsíonn géilleadh iarchurtha coigilteas de €18 milliún i gcaiteachais chaipitil sna fo-cheannteidil seo a leanas.

| | |
|---|---|
| A.4 | Forbairt talmhaíochta agus bia |
| A.8 | Bord Iascaigh Mhara (deontas i gcabhair) |
| A.10 | Seirbhísí eile |
| C.5 | Forbairt talmhaíochta agus bia |
| C.6 | Foraoiseacht agus bithfhuinneamh |
| C.7 | Iascach |
| C.8 | An tÚdarás Cosanta um Iascach Mara |
| C.10 | Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach |

## 7. Cuntas Ciste Rásaíochta Capall agus Con

Suimeanna na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí don tréimhse go 31 Nollaig 2014

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais (focheann A.11) | 54,220 | 55,020 |
| Íocaíochtaí | | |
| Rásaíocht Capall Éireann | (43,376) | (44,016) |
| Bord na gCon | (10,844) | (11,004) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | — | — |

## Sceideal na Talún agus Foirgneamh

| Maoine | Achar (Heicteáir) |
|---|---|
| **An Cabhán** | |
| Plota foraoise, Dún an Rí | 0.3 |
| Tailte, Coláiste Teagasc, Béal Átha Éis | 17.0 |
| **Corcaigh** | |
| Inis Sionnach (lena n-áirítear droichead agus bóthar rochtana) | 45.7 |
| Saotharlann tástála Fola, Bóthar na Modh-Fheirme | — |
| Déiríochta eolaíocht saotharlainne, Bóthar na Modh-Fheirme | — |
| Plota foraoise, Baile Átha hÚlla | 1.0 |
| Plota foraoise, Bealach Eabhra | 1.6 |
| Plota foraoise, An Baile Nua | 29.7 |
| Plota foraoise, Droichead na Bandan | 1.4 |
| Plota foraoise, Dún ar Aill | 1.1 |
| Plota foraoise, Dún Mánmhaí | 0.8 |
| Plota foraoise, An Gleann Garbh | 5.0 |
| Plota foraoise, Cill an Mhuilinn | 0.1 |
| Plota foraoise, Cill Ia | 7.0 |
| Plota foraoise, Cill Uird | 0.8 |
| Plota foraoise, Cinéal Aodha | 5.9 |
| Plota foraoise, Áth Trasna | 1.5 |
| Plota foraoise, Rathluirc | 1.5 |
| Plota foraoise, Bántír | 7.0 |
| Plota foraoise, Dúiche Ealla | 6.5 |
| Plota foraoise, Ros Ó gCairbre | 11.0 |
| Tailte, Bóthar na Modh-Fheirme | 4.0 |
| Saotharlainne tréidliachta Réigiúnach, Bóthar na Modh-Fheirme | — |
| **Dún na nGall** | |
| Plota foraoise, Ard an Rátha | 6.5 |
| Plota foraoise, Gaoth Beara | 1.8 |
| Plota foraoise, Cúil na gCuirridín | 0.6 |
| Plota foraoise, Leitir Ceanainn | 0.3 |
| Plota foraoise, Mín an Fhir Rua | 1.5 |
| Ionad tástála prátaí, Ráth Bhoth | — |
| Saotharlann tástála prátaí, Ráth Bhoth | 78.0 |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Plota foraoise, Coill an Chaoich | 0.7 |
| **Gaillimh** | |
| Plota foraoise, Béal Átha Ghártha | 0.5 |
| Plota foraoise, Uachtar Ard | 7.0 |
| Tailte, Coláiste Teagasc, Baile Átha an Rí | 59.0 |
| **Ciarraí** | |
| Plota foraoise, Ceann Mara | 0.2 |
| Plota foraoise, Cill Airne | 1.0 |
| Plota foraoise, Cill Orglan | 41.6 |

| Maoine | Achar (Heicteáir) |
|---|---|
| **Cill Dara** | |
| Plota foraoise, Domhnach Dheá | 0.2 |
| Plota foraoise, Baile Átha Í | 3.5 |
| Tailte, Bacastúin | 113.0 |
| Stacumny Teachín, Bacastúin | — |
| Ionad Tástála, Bacastúin | — |
| **Cill Chainnigh** | |
| Plota foraoise, Cnoc an Tóchair | 1.3 |
| Tailte, Coláiste Chill an Dátúnaigh | 18.0 |
| **Laoise** | |
| Plota foraoise, Darú | 2.2 |
| **Liatroim** | |
| Plota foraoise, An Damhshraith | 107.3 |
| Plota foraoise, Gleann Fearna | 11.0 |
| **Luimneach** | |
| Plota foraoise, Béal an Átha | 2.7 |
| Plota foraoise, Faing | 1.8 |
| Plota foraoise, Áth Dara | 3.0 |
| Plota foraoise, Cill Fhíonáin | 9.9 |
| **An Longfort** | |
| Plota foraoise, Gránard | 0.7 |
| **Maigh Eo** | |
| Plota foraoise, Béal Easa | 3.0 |
| **Uíbh Fhailí** | |
| Plota foraoise, Tulach Mhór | 2.5 |
| **Ros Comáin** | |
| Plota foraoise, Loch Cé | 32.0 |
| **Sligeach** | |
| Plota foraoise, Loch Gile | 12.1 |
| Plota foraoise, Béal Trá | 141.0 |
| Plota foraoise, Baile Hamaltúin | 2.0 |
| Plota foraoise, Binn Ghulbain | 4.4 |
| Plota foraoise, Cúil Mhuine | 1.3 |
| **Tiobraid Árann** | |
| Plota foraoise, An Chloichín | 1.3 |
| Plota foraoise, Cluain Meala | 3.2 |
| Plota foraoise, Cill Síoláin | 1.9 |
| Plota foraoise, Neir | 2.8 |
| Plota foraoise, Crois na Rae | 0.5 |
| Plota foraoise, Carraig na Siúire | 4.0 |
| **Port Láirge** | |
| Plota foraoise, Coill Mhic Thomáisín | 17.5 |
| **An Iarmhí** | |
| Plota foraoise, Loch Ainninn | 14.5 |
| Plota foraoise, Baile na gCros | 1.0 |
| **Loch Garman** | |
| Plota foraoise, Guaire | 11.1 |
| Plota foraoise, Killane | 0.4 |
| Plota foraoise, Fotharta | 4.8 |

| **Maoine** | **Achar (Heicteáir)** |
|---|---|
| **Cill Mhantáin** | |
| Plota foraoise, Ballinahinch | 60.7 |
| Plota foraoise, Áth na Sceire | 4.0 |
| Plota foraoise, Achadh Mhéanach | 0.2 |
| Plota foraoise, Abhainn Mhór | 1.0 |
| Plota foraoise, Gleann Dá Loch | 7.6 |
| Plota foraoise, Gleann Ó Máil | 2.7 |
| Plota foraoise, Teach Sagard | 1.4 |
| Plota foraoise, Shelton | 0.4 |
| Plota foraoise, An Coireán | 59.0 |

Mar chomharba ar Choimisiún Talún na hÉireann, bhí 11 heicteár breise ag an Aire de thalamh talmhaíochta chomh maith le 480 heicteár de thalamh neamhthalmhaíochta ar láimh ag 31 Nollaig 2014.

**Maoin ag Chuanta Iascaigh**

Ina theannta sin, tá talamh agus foirgnimh ag sé ionad cuain iascaigh dílsithe don Aire. Tugtar cuntas ar leithligh orthu sa chuntas Ciste Cuain Iascaigh.

**Inis Sionnach**

Faoi ghníomhas baránta arna fheidhmiú ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, rinneadh an mhaoin ar a dtugtar Inis Sionnach (lena n-áirítear droichead agus bóthar rochtana) a dhílsiú san Aire Airgeadais an 14 Deireadh Fómhair 2013. Ina dhiaidh sin, ar an lá céanna, aistríodh an úinéireacht chuig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara ar feadh thréimhse an tionscadail um fheabhsúchán arna fhaomhadh ag an Rialtais i dtaca leis le hiar-láithreán ISPAT/Ghabháltais Chruach na hÉireann Teoranta ar Inis Sionnach.